# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2023/613 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

**an 14 Márta 2023**

**maidir le Ceann Misin ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (EUCAP Sahel Mali/1/2023) a cheapadh**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/219/CBES ón gComhairle an 15 Aibreán 2014 maidir le misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7(1) de Chinneadh 2014/219/CBES, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh a bhaineann le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali), lena n-áirítear an cinneadh maidir leis an gCeann Misin a cheapadh.

(2) An 8 Nollaig 2020, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2020/2199 ([2]) lena gceaptar Hervé FLAHAUT mar Cheann Misin ar EUCAP Sahel Mali ón 1 Eanáir 2021.

(3) An 10 Eanáir 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/96 ([3]) lena gcuirtear síneadh le sainordú EUCAP Sahel Mali go dtí an 31 Eanáir 2025.

(4) An 20 Feabhra 2023, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Peter KOLDING a cheapadh ina Cheann Misin ar EUCAP Sahel Mali go dtí an 31 Eanáir 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Peter KOLDING mar Cheann Misin ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) ón 11 Aibreán 2023 go dtí an 31 Eanáir 2024.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 11 Aibreán 2023.

([1]) IO L 113, 16.4.2014, lch.21.

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/2199 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 8 Nollaig 2020 maidir le Ceann Misin mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh a cheapadh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (EUCAP Sahel Mali/2/2020) (IO L 434, 23.12.2020, lch. 54).

([3]) Cinneadh (CBES) 2023/96 ón gComhairle an 10 Eanáir 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (IO L 8, 11.01.2023, lch. 2).

Arna dhéanamh sa Bhruséil, an 14 Márta 2023.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*